

Clár ard-oiliúna d'Fhiontraithe le Gaeilge



- An bhfuil tú ag leibhéal sinsearach i ngnó?
- An féintosaithéoir tú?
- Ar mhaith leat deis nua gnó a fhorbairt?
- Ar mhaith leat do chomhlacht a neartú?
- Ar mhaith leat comhairle agus treoir a fháil?
- Ar mhaith leat gearrchúrsa in ollscoil gnó?



An Fiontraí Tú?

Cruthaíonn fiontraí deiseanna le saibhreas a chruthú i réimsí éagsúla den tsochaí, bíodh seo i ngnó príobháideach nó san eacnamaíocht shóisialta.

Aidhm an Chláir

Déanfar tionscadal oiliúna ar ardchaighdeán a thairiscint do thríocha feidhmeannach agus d'fhiontraithe sinsearach, le Gaeilge, atá ag obair i gcomhlachtaí, idir phríobháideacha agus phobail, i nGaeltacht Dhún na nGall agus sa limistéar trasteorann ina bhfuil Interreg IIIa ag feidhmiú.

Siollabas Staidéir

Beidh an siollabas bunaithe ar riachtanais shainiúla na rannpháirtithe. Meastar, áfach, go mbeidh na modúil seo mar chuid lárnach den chlár oibre:

- Cumarsáid
- Fiontraíocht Tráchtála agus Sóisialta
- Airgeadas agus Cuntasaíocht
- Bainistiú Gnó agus Pearsanra
- Cásanna Staidéir Gnó
- Síceolaíocht Foirne agus Eagraíochta
- Margaíocht
- Táirgí nua a fhorbairt
- Socrófar réimsí de staidéir bhreise ar éileamh na rannpháirtithe.

Tá sé mar sprioc go roghnófar roinnt de na rannpháirtithe le freastal ar chúrsa fiontraíochta speisialta, ar feadh deich lá, in ollscoil aitheanta gnó i Meiriceá. (Samhain 2007)



Struchtúr agus Teagasc

Beidh léachtóirí agus aoi-chainteoirí aitheanta gníomhach in achan mhodúl. Úsáidfear foireann aitheanta d'ardchaighdeán, ó leithéidí an IMI, IPA, FIONTAR, LYIT, ó chomhlachtaí nualacha agus ó áisínreachtaí forbartha stáit, thuaidh agus theas.

Beidh deiseanna tacaíochta ar fáil, ó mheantóirí le taithí, fríd an mhodúl 'Tús Maith'.

Beidh roinnt seisiún foghlamtha agus cuairt staidéir, as baile. Eagrófar na seisiúin seo in ionaid i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste, Doire, Conamara, Gaoth Dobhair agus Gleann Cholm Cille.

Cuirfear an t-ábhar teagasc le chéile bunaithe ar riachtanais na rannpháirtithe agus mar threoir úsáideach.

Socrófar cuairteanna ar ghnóanna d'ardchaighdeán fiontraíochta ar fud na tíre

Beidh léachtaí rialta ar shuíomh idirghníomhach. Úsáidfear an suíomh mar chuid de chóras measúnaithe an chúrsa.

(www.fiontraí.ie)



Na Rannpháirtithe

Beidh tríocha (30) rannpháirtí ar an chúrsa agus iad réidh leis an chúrsa a thosnú i mí Bealtaine 2006 agus a chríochnú i mí Mheán Fómhair 2007.

Roghnófar na rannpháirtithe bunaithe ar na critéir a leanas:

- Taithí fiontraíochta go dáta
- Poitéinseal chun gnó a bhunú
- Deis acu a gcomhlacht a neartú agus a mhéadú
- Taighde agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna nua gnó

Meastar go mbeidh an rannpháirtí ag feidhmiú mar phríomhfheidhmeannach nó ag leibhéal sinsearach eile i gcomhlacht príobháideach nó pobail.

Beidh ar na rannpháirtithe tionscnamh gnó a ullmhú mar chuid den chúrsa agus cuirfear tacaíocht ar fáil dóibh sa réimse seo. Thig leis an tacaíocht a bheith trí chruinnithe, fhón, idirlíon.

Eagrófar seo do chaithéaracht na rannpháirtithe.

Creidiúint

Beidh creidiúint aitheanta, tríú leibhéal, ag dul don chúrsa

Amchlár

Mairfidh an cúrsa go dtí Meán Fómhair 2007

Eagrófar ócáid seolta poiblí i mí an Mheithimh nó dáta socraithe.

* Eagrófar an modúl gnó thar sáile i mí na Samhna 2007

Bronnfar teastais i mí na Nollag 2007.

* Roghnófar na rannpháirtithe, don mhodúl seo, ar a saothair le linn an chúrsa.



Modúil Mheánscoile -

Fiontraíocht sa Chóras Oideachais.

Beidh modúil shonracha i gcúrsaí fiontraíochta á n-ullmhú agus á soláthar do mhicléinn mheánscoile mar ghné ar leith den togra seo:

- Eolas ar dheiseanna fiontraíochta
- Ceardlanna le haoi-chainteoirí fiontraíochta aitheanta
- Ábhar tacaíochta/ oiliúna fiontraíochta do mhúinteoirí

Roghnófar 6 mheánscoil trasteorann don mhodúl seo.

Le paca eolais a fháil ar Fhiontraithe le Gaeilge:

Déan teagmháil le:
Fiontraithe le Gaeilge
WESTBIC,
Ionad Forbartha Gnó,
Cill Chartha, Co. Dhún na nGall.

Fón: 074 97 38333
Faics: 074 97 38342
Rphost: eunan@fiontraí.ie

www.fiontraí.ie



An Bord Stiúrtha

- An Dr Peadar Ó Flátharta, FIONTAR, DCU.
- Liam Ó Cuinneagáin, Oideas Gael.
- Jake Mac Siacuis, Forbairt Feirste.
- Micheál Mac Giolla Easbuig, Údarás na Gaeltachta.
- Caitríona Ní Mhaoláin.



á bhainistiú ag



i gcomhpháirt le



á mhaoiniú ag



Tá an togra seo á mhaoiniú ag Clár INTERREG IIIA an Aontais Eorpaigh, in Éirinn/ i dTuaisceart Éireann tré pháirtíocht in ICBAN.

This project is funded by the EU INTERREG IIIA Programme Ireland/Northern Ireland through the Irish Central Border Area INTERREG IIIA Partnership (ICBAN)



Déan teagmháil le:
Fiontraithe le Gaeilge, WESTBIC,
Ionad Forbartha Gnó,
Cill Chartha, Co. Dhún na nGall.

Fón: 074 97 38333 • Faics: 074 97 38342
Rphost: eunan@fiontraí.ie • www.fiontraí.ie